Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10729/22**

**POLMAR 43**
**POLGEN 102**
**COMAR 42**
**ENV 676**
**ENER 340**
**MAR 137**
**MARE 54**
**PECHE 235**
**RELEX 897**
**SUSTDEV 118**
**TRANS 451**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | JOIN(2022) 28 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN An bealach a réiteach do phláinéad inbhuanaithe gorm - Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le clár oibre an Aontais um Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2022) 28 final.

---

Faoi iamh: JOIN(2022) 28 final

AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 24.6.2022
JOIN(2022) 28 final

**TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**An bealach a réiteach do phláinéad inbhuanaithe gorm - Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le clár oibre an Aontais um Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan**

{SWD(2022) 174 final}

GA GA

## RÉAMHRÁ

**Tá an t-aigéan ríthábhachtach** don bheatha ar domhan, rud a thugann sochair agus seirbhísí luachmhara do dhaoine agus don domhan ar fad. Tá ról ríthábhachtach aige sa rialáil aeráide, cuireann sé níos mó ocsaigine ar fáil ná mar a sholáthraíonn na foraoisí uile le chéile agus tá sé fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda phráinneacha amhail slándáil bia, fuinneamh agus an t-aistriú glas. Is cuid d'oidhreacht shóisialta agus chultúrtha na bpobal cósta é agus tá sé ríthábhachtach don tráchtáil idirnáisiúnta, toisc go mbogtar breis agus 80 % den trádáil dhomhanda ar muir agus gur ón bhfarraige a thagann thart ar dhá thrian de sholáthar ola agus gáis an domhain nó bogtar ar muir é. Ach mar sin féin, is minic a thugtar neamhaird ar an aigéan. Baintear úsáid as chun críoch neamhdhleathach amhail píoráideacht, sceimhlitheoireacht nó robáil armtha ar muir, gáinneáil ar dhaoine, substaintí aindleathacha agus smuigleáil arm..

**Le rialáil idirnáisiúnta na n-aigéan** féachtar le haghaidh a thabhairt ar an iliomad dúshlán a eascraíonn as ról iltoiseach idirnasctha an aigéin. In 2016, bhí an t**Aontas Eorpach** ar an g**céad mhórgheilleagar** a sheol Clár Oibre Idirnáisiúnta maidir le Rialachas na nAigéan[1] agus a thug gealltanais maidir le haigéin shábháilte, shlána, ghlana agus shláintiúla a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu. Cé go leanann an tAontas de bheith tiomanta, tá roinnt forbairtí atá tagtha chun cinn ó shin ina n-údar le Clár Oibre nuashonraithe.

**Ar an gcéad dul síos, tá comhrac an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil** ar na **príomhthosaíochtaí polaitiúla atá ag an Aontas.** Tá an t-aigéan leabaithe sa**Chomhaontú Glas don Eoraip** agus san fhís maidir le h**Eoraip níos láidre sa Domhan** a bhaint amach agus is saincheist dhomhanda é a dteastaíonn freagairt iltaobhach ina leith[2].

**Ar an dara dul síos, tá dlús á chur faoi mheath na n-aigéan** de réir mar a leanann gníomhaíochtaí inbhuanaithe an duine agus a dtionchar díobhálach de na haigéin a dhíghrádú, rud as a n-easróidh athruithe móra agus an baol go mbainfear **pointí claochlaithe** amach. Tá staid éigeandála na n-aigéan ag teacht salach ar **chomhlíonadh teoranta na ngealltanas domhanda ábhartha**, go háirithe Spriocanna Aichi faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD) agus Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 (SDG14 — Beatha faoin uisce).

**Ar an tríú dul síos, tá an t-aigéan ar cheann de na réimsí geopholaitiúla is mó ar domhan**, mar a léiríodh leis an méadú a tháinig le déanaí ar an teannas sa Mheánmhuir Thoir agus i Muir na Síne Theas, agus iarrann na Ballstáit go n-urramófar iomláine chríochach agus cearta loingseoireachta chomh maith le réiteach síochánta díospóidí. Tá difear á dhéanamh ag ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine do chobhsaíocht dhomhanda agus do shlándáil réigiún na Mara Duibhe agus is ábhar imní é maidir lena impleachtaí muirí.

**Ar an gceathrú dul síos, tarraingíodh aird pholaitiúil ar an leibhéal domhanda ar an aigéan** agus **is bliain ríthábhachtach í 2022 maidir leis an aigéan** ina mbeidh roinnt mhaith príomhchaibidlíochtaí[3] agus comhdhálacha aigéin[4] ar siúl. Tá an t-aigéan níos feiceálaí i ndíospóireachtaí idirnáisiúnta ar an aeráid agus ar an mbithéagsúlacht. Léiríodh le géarchéim

---

[1] JOIN(2016) 49 final

[2] COM(2019) 640 final ; JOIN(2021) 3 final

[3] Tugadh an chaibidlíocht maidir le Conradh maidir leis an Mórmhuir (BBNJ), Creat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020, agus cosc ar fhóirdheontais iascaigh dhíobhálacha ag EDT, chun críche an 16 Meitheamh 2022.

[4] An Cruinniú Mullaigh 'One Ocean' (9-11 Feabhra 2022, Brest), An 7ú Cruinniú Mullaigh 'One Ocean' (13-14 Aibreán 2022, Palau), Dara Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin (27 Meitheamh – 1 Iúil 2022, Lisbon)

na maraithe , atá i bhfad níos measa de dheasca phaindéim COVID-19, an tábhacht a bhaineann leis an ngné shóisialta, i.e. dálaí maithe oibre agus maireachtála do mharaithe[5]. Tugadh aird idirnáisiúnta freisin ar an tsaincheist maidir le neamhchomhlíonadh rialacha agus caighdeáin arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta ag roinnt Stát, a bhfuil iomaíocht éagórach mar thoradh air agus a chuireann cothroime iomaíochta as riocht chun dochair do pháirtithe leasmhara an Aontais Eorpaigh. Is cás den chineál sin é na cláir oscailte.

Leis an Limistéar Eacnamaíoch Eisiach is mó ar domhan agus na forbairtí thuasluaite á gcur san áireamh, **tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an tAontas agus na Ballstáit a dtiomantas i dtreo rialachas aigéan feabhsaithe a athdhearbhú agus a thabhairt cothrom le dáta**.

***Bagairtí ar an aigéan*** [6]

- *Tá speicis mhuirí á gcailleadh dhá oiread an ráta speicis mhuirí ar an talamh á gcailleadh i ngeall ar théamh.*
- *Déantar ró-iascaireacht ar 34.2 % d'iascaigh mhuirí an domhain.*
- *Le daichead bliain anuas, chaill an tArtach limistéar oighir de thart ar sé huaire chomh mór leis an nGearmáin.*
- *Chaillfí níos mó ná 99 % de sceireacha coiréil le téamh faoi 2 C.*
- *Táirgtear 300 milliún tona de dhramhaíl phlaisteach gach bliain. Ní dhéantar ach 9 % de a athchúrsáil, áfach.*
- *Leanfaidh meánleibhéal na mara de bheith ag ardú go tuairim agus 0.3 méadar faoi 2050 agus 2 mhéadar faoi 2100 faoin gcás ina bhfuil astaíochtaí gás ceaptha teasa an-arda– rud a fhágann go bhfuil baol ann go mbeidh easáitiú éigeantach an duine ann – suas le 340 milliún duine faoi 2050 agus 630 milliún duine faoi 2100.*

### CUSPÓIRÍ

Ag tógáil ar Chlár Oibre 2016 maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan agus ar an bpróiseas comhairliúcháin pháirtithe leasmhara na n-aigéan[7], glacfaidh an tAontas ról níos gníomhaí fós i rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan agus i gcur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus SDG 14 na Náisiún Aontaithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an creat um rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú ar an leibhéal **domhanda**, ar an leibhéal **réigiúnach** agus ar an leibhéal **déthaobhach**;
- **inbhuanaitheacht** an aigéin a chur i gcrích faoi 2030 trí chur chuige comhordaithe agus comhlántach a ghlacadh maidir le dúshláin choiteanna agus le tionchair charnacha;

---

[5] wcms_760649.pdf (ilo.org)

[6] Pinsky, M.L., Eikeset, A.M., McCauley, D.J. *et al. Greater vulnerability to warming of marine versus terrestrial ectotherms. Nature* 569, 108-111 (2019); FAO. 2020. *The State of World Fisheries and Aquaculture 2020 [Staid an Iascaigh Dhomhanda agus an Dobharshaothraithe 2020] . Sustainability in action [Inbhuanaitheacht i mbun gníomhaíochta]*. An Róimh; IPCC AR6 WG1; Meastacháin maidir le leochaileacht dhomhanda i leith ardú ar leibhéal na mara agus tuilte cósta méadaithe faoi thrí ag sonraí nua ingearchló Nature Communications

[7] Trí chomhairliúchán spriocdhírithe ar líne;; Glao ar Fhianaise – féach 'Synopsis of consultation activities on updating the International Ocean Governance Agenda [Achoimre ar ghníomhaíochtaí comhairliúcháin maidir leis an gClár um Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan a thabhairt cothrom le dáta]; Fóram Idirnáisiúnta an Aontais um Rialachas na nAigéan.

- spás **slán sábháilte** a dhéanamh den aigéan de réir mar atá méadú ag teacht ar iomaíocht in uiscí idirnáisiúnta agus ar na dúshláin a bhaineann leis an ord iltaobhach riailbhunaithe;
- forbairt a dhéanamh ar an **mbonn eolais** idirnáisiúnta faoi na haigéin le go ndéanfar cinntí bunaithe ar an bhfianaise, chun bearta a dhéanamh chun an t-aigéan a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.

***PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ AN AONTAIS MAIDIR LE RIALACHAS NA nAIGÉAN***[8]

***Cailliúint na bithéagsúlachta muirí a stopadh agus a aisiompú:***

- *Conradh de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis an Mórmhuir (Bithéagsúlacht lasmuigh den Dlínse Náisiúnta) uaillmhianach a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir*
- *Creat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020 uaillmhianach le 30 % de na limistéir mhuirí a bheith i Limistéir Mhuirí faoi Chosaint (MPAnna) a bhaint amach faoi 2030*
- *MPAnna nua ar mhórscála a ainmniú san Aigéan Theas*

***Grinneall na farraige a chosaint:***

- *Toirmeasc a chur ar mhianadóireacht domhainfharraige go dtí go líonfar bearnaí eolaíocha mar is ceart, go dtí nach n-eascrófar aon éifeachtaí díobhálacha ón mianadóireacht agus go ndéanfar an comhshaol muirí a chosaint go héifeachtach*
- *Rialáil a dhéanamh, i gcás inar gá, ar úsáid an trealaimh iascaireachta is díobhálaí don bhithéagsúlacht*

***Iascaigh agus dobharshaothrú inbhuanaithe a áirithiú:***

- *Cur chuige a shaothrú a fhágann nach nglactar beag ná mór leis an iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhrialáilte agus Neamhthuairiscithe (NNN)*
- *Forbairt a dhéanamh ar chomhaontú domhanda EDT maidir le fóirdheontais iascaigh dhíobhálacha a tugadh i gcrích i mí an Mheithimh 2022 agus a éileamh go ndéanfar an comhaontú sin a neartú leis na gnéithe nár comhaontaíodh go fóill*
- *Caighdeáin mhargaíochta an Aontais do tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a athbhreithniú*

***Comhlíonadh na rialacha agus na gcaighdeán idirnáisiúnta a áirithiú:***

- *Comhlíonadh fhreagrachtaí na Stát brataí a chur chun cinn trí na Bratstáit sin atá ag gníomhú mar chláir oscailte*

***An t-athrú aeráide a chomhrac ar mhaithe le haigéan sláintiúil:***

- *Aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 lena n-áirítear an iascaireacht a dhícharbónú agus gníomhaíochtaí eile muirí*
- *Feidhm charbóin ghorm an aigéin a chaomhnú*
- *Sula ndéanfar dul chun cinn ar aon fheidhmchlár geo-innealtóireachta nua chun dé-ocsaíd charbóin a bhaint, a chinntiú go mbeidh bonn leordhóthanach eolaíoch ann chun gníomhaíochtaí den sórt sin a dhlisteanú agus go dtabharfar aird chuí ar na rioscaí agus na tionchair a bhaineann leo*

***Truailliú mara a chomhrac:***

- *Comhaontú uaillmhianach domhanda maidir le plaistigh, atá ceangailteach ó thaobh an dlí, a thabhairt i gcrích faoi 2024*

***An bonn eolais faoin aigéan a fhorbairt:***

[8] Liostaítear tuilleadh beart san iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach seo

- *Cruthú deiseanna teagmhála idir-rialtasacha idir lucht eolaíochta agus lucht beartais a spreagadh, agus é mar aidhm leis sin Painéal Idir-rialtasach le haghaidh Inbhuanaitheacht na nAigeán (IPOS) a bhunú*

***Infheistiú san aigéan:***

- *Suas le EUR 1 bhilliún a infheistiú i gcomhair bhithéagsúlacht na n-aigéan agus an chósta agus gníomhaíochtaí ar son na haeráide, lena n-áirítear le haghaidh na mórmhara (2021-2027)*
- *EUR 350 milliún sa bhliain a chur ar fáil maidir le taighde aigéin (Fís Eorpach 2021-2027)*

**Uirlisí an Aontais Eorpaigh le haghaidh rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan**

Ar an **leibhéal domhanda,** aithnítear an tAontas mar thionscnóir **na bhfreagairtí iltaobhacha comhordaithe ar fhadhbanna domhanda** agus mar chrann taca don **ord idirnáisiúnta riailbhunaithe.** Teastaíonn cur chuige comhchoiteann i leith an aigéin, a bheidh bunaithe ar fhorálacha an dlí idirnáisiúnta agus a mbeidh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) ina chroílár[9]. Trína ghiaráil pholaitiúil agus taidhleoireachta atá fréamhaithe chun cearta agus luachanna bunúsacha a chaomhnú chomh maith le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhréir le Clár Oibre 2030 agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), gníomhaíonn an tAontas mar bhróicéir ionraic, mar thógálaí idirlinne agus mar **cheann feadhna** sa **chaibidlíocht idirnáisiúnta, fóraim** agus **próisis** agus tacaíonn sé le cinntí agus gníomhaíochtaí atá fíor-riachtanach do rialachas inbhuanaithe aigéan ar an gcaoi sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an Iltaobhachas, le Compás Straitéiseach an Aontais agus le beartas an Aontais maidir le hArtach síochánta, inbhuanaithe agus rathúil, le straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach,[10] saothraíonn an tAontas **comhpháirtíochtaí** agus **comhghuaillíochtaí** le tríú tíortha, le heagraíochtaí iltaobhacha agus réigiúnacha, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta socraithe norm trína chumhacht airgeadais agus rialála a ghiaráil, agus gníomhaithe neamhstáit amhail eagraíochtaí neamhrialtasacha, oibreoirí eacnamaíocha, an pobal eolaíochta agus an tsochaí shibhialta i gcoitinne. Déanann sé amhlaidh trí bhíthin idirphlé **réigiúnach** agus **déthaobhach,** comhar um fhorbairt a bhaineann leis an aigéan,**[11]** **obair for-rochtana shonrach** agus ***démarches*** **sonracha**, **forbairt chomhghuaillíochta** maidir le príomhthosaíochtaí agus **imeachtaí ilpháirtithe leasmhara domhanda** a chomh-óstáil chun an dul chun cinn **a spreagadh** agus **a choinneáil ar bun** maidir le gníomhaíocht dhomhanda.

Le Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (EUMSS) agus an Plean Gníomhaíochta athbhreithnithe a ghabhann léi[12] a forbraíodh chun slándáil agus sábháilteacht ar muir a áirithiú, tugann an tAontas aghaidh ar dhúshláin a dhéanann difear do shlándáil na n-aigéan

[9] Tá rialachas domhanda na n-aigéan bunaithe ar UNCLOS, an creat dlíthiúil uileghabhálach faoina gcaithfear na gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an aigéan a dhéanamh, agus an dá chomhaontú cur chun feidhme i) Comhaontú a bhaineann le cur chun feidhme Chuid XI de UNCLOS an 10 Nollaig 1982; ii) Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha UNCLOS an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme.

[10] JOIN(2021)3 final; strategic_compass_en3_web.pdf (europa.eu); JOIN(2021) 27 final; JOIN(2021) 24 final

[11] Trí NDICI. Tá an tAontas agus na Ballstáit ar na deontóirí is tábhachtaí de chúnamh forbartha a bhaineann leis an aigéan agus ar na rannchuiditheoirí deonacha is tábhachtaí d'eagraíochtaí agus próisis idirnáisiúnta: idir 2014 agus 2020, gealladh breis agus EUR 1 bhilliún faoi bheartas forbartha an Aontais chun rialachas na n-aigéan a chur chun cinn i dtríú tíortha.

[12] 11205/14

amhail an choireacht trasteorann agus an choireacht eagraithe, bagairtí ar shaoirse loingseoireachta, bagairtí ar an mbithéagsúlacht, dúshláin maidir leis an tslándáil aeráide nó díghrádú an chomhshaoil de bharr é a bheith scaoilte amach go neamhdhleathach nó de thaisme.

Trí dhe-shampla a thabhairt, creideann an tAontas gur féidir dul chun cinn a spreagadh agus fís chomhroinnte a chruthú chun cur chuige inbhuanaithe a fhorbairt maidir le bainistiú na n-aigéan ar fud an domhain agus aithníonn sé gur **sa bhaile a thosaíonn an fhíorcheannaireacht**. Léirítear é sin go háirithe i mbeartas iascaigh an Aontais atá bunaithe ar Chomhbheartas Iascaigh athchóirithe chomh maith le gníomhaíochtaí i gcoinne iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhrialáilte agus Neamhthuairiscithe (NNN); cur chuige an Aontais le haghaidh geilleagar gorm inbhuanaithe; an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí; an imchuach farraige agus creataí macrairéigiúnacha; a bheartas comhshaoil ina dtagraítear go háirithe do Threoir Réime um Straitéis Mhuirí an Aontais Eorpaigh (MSFD), do Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, don Phlean Gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú agus don togra le haghaidh Dlí maidir le hAthchóiriú Dúlra; a bheartas aeráide go háirithe atá bunaithe ar Dhlí an Aontais maidir leis an Aeráid, ar an bPacáiste 'Oiriúnach do 55' agus ar an Straitéis Oiriúnaithe; a reachtaíocht slándála iompair mhuirí; agus gníomhaíocht maidir le sonraí, breathnóireacht agus taighde, go háirithe faoi eilimint Copernicus de chlár spáis an Aontais Eorpaigh, clár maoinithe Taighde agus Nuálaíochta an Aontais 'Fís Eorpach 2021-2027' agus an Misean Eorpach 'Ár nAigéan agus Ár nUiscí a Athbhunú faoi 2030'[13].

## 1. AN CREAT UM RIALACHAS IDIRNÁISIÚNTA NA nAIGÉAN A NEARTÚ

Is príomhthosaíochtaí iad **cosaint agus caomhnú na bithéagsúlachta muirí** faoi ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais d'fhonn an ionstraim idirnáisiúnta a bheidh ann amach anseo, ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí de faoi UNCLOS maidir leis an m**Bithéagsúlacht Mhuirí i Limistéir lasmuigh den Dlínse Náisiúnta** (BBNJ) agus Creat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020 a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear '**an sprioc chosanta 30 % faoi 2030 atá beartaithe** faoi CBD. Is é uaillmhian an Aontais fós teacht ar **chomhaontú a bheidh ceangailteach go hidirnáisiúnta** maidir le BBNJ in 2022, agus a áirithiú go ndaingneofar agus go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é. Chomh maith lena rannpháirtíocht ghníomhach sa chaibidlíocht, bhí an tAontas ar thús cadhnaíochta trína iarrachtaí Taidhleoireachta maidir leis na hAigéin agus trí Chomhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine a bhunú maidir le BBNJ[14] chun comhaontú uaillmhianach, cothrom agus éifeachtach a chothú. Ina theannta sin, tríd an ngiaráil thaidhleoireachta agus trína acmhainní for-rochtana, leanann an tAontas de chúnamh a thabhairt chun teacht ar chomhaontú maidir le **Limistéir nua Mhuirí faoi Chosaint (MPAnna) a ainmniú san Aigéan Theas** mar rannchuidiú tábhachtach leis sprioc chosanta 30 % faoi 2030.

Maidir le **mianadóireacht ar ghrinneall na domhainfharraige**, tá comhdhearcadh leathan ann i measc na heolaíochta agus i measc na Stát[15] nach bhfuil eolas a bhaineann le timpeallacht dhomhainfharraige ná tionchar na mianadóireachta cuimsitheach go leor chun cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a chumasú ionas gur féidir dul ar aghaidh go sábháilte

[13] Rialachán 1380/2013; Rialachán 1005/2008; COM(2021) 240; Treoir 2014/89/AE; 2008/56/CE; COM(2020) 380; COM(2021) 400; Rialachán (AE) 2021/1119; COM(2021) 550; COM(2021) 82; Rialachán (CE) Uimh. 725/2004; Treoir 2005/65/CE

[14] An t-aigéan a chosaint, is mithid beart a dhéanamh (europa.eu)

[15] https://www.iucncongress2020.org/motion/069

le saothrú[16]. Leanfaidh an tAontas de bheith ag moladh go gcuirfear toirmeasc ar mhianadóireacht dhomhainfharraige go dtí go líonfar na bearnaí eolaíocha sin i gceart, gur féidir a léiriú nach mbeidh aon éifeacht dhíobhálach ann mar thoradh ar mhianadóireacht agus, mar a cheanglaítear faoi UNCLOS, go mbeidh na forálacha is gá sna rialacháin maidir e saothrú chun an comhshaol muirí a chosaint go héifeachtach i bhfeidhm. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cuidiú leis an gcaibidlíocht ar na rialacháin maidir le saothrú ag an Údarás Idirnáisiúnta um Ghrinneall na Farraige (ISA) chun creat láidir a bhaint amach chun an comhshaol muirí a chosaint, lena n-áirítear caighdeáin agus treoirlínte le haghaidh luachanna tairsí agus caighdeáin normatacha. San am céanna, tá an tAontas ag tacú le taighde chun feabhas a chur ar eolas ar éiceachórais domhainfharraige agus ar fhaireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar theicneolaíochtaí.

Iarrann an tAontas Eorpach go dtacófar leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde i ndáil le **trédhearcacht, le dea-rialachas agus le cuimsitheacht na bpáirtithe leasmhara** in eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail ISA agus EDT, agus tá sé réidh chun tacú leis na caighdeáin sin.

Ba cheart do na **gníomhaíochtaí iascaireachta**prionsabail chaomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe beo-acmhainní muirí agus éiceachórais na mara a urramú.

Tríd an gcur chuige maidir le ‘neamhfhulaingt’ i gcoinne **iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN)**, tá sé mar aidhm ag an Aontas cothrom na Féinne a thabhairt d’oibreoirí macánta agus tacú le comhlíonadh na rialacha caomhnaithe agus bainistithe arb é is aidhm dóibh úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní iascaigh. Trína idirphlé maidir le hiascaigh NNN le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad bunaithe ar Rialachán NNN, áirithíonn an tAontas a thuilleadh go gcloíonn tíortha lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta.

Leis na **Comhaontuithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna)**, cuirtear creat daingean ar fáil le haghaidh comhar déthaobhach le tíortha comhpháirtíochta áirithe nach Ballstáit den Aontas iad agus rannchuidíonn siad chun beartais mhara, mhuirí agus iascaigh a fheabhsú, lena n-áirítear gnéithe comhshaoil, sóisialta agus trádála.

Bhí ról ceannasach ag an Aontas ag an 12ú Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála chun teacht ar chomhaontú maidir le fóirdheontais dhíobhálacha iascaigh a thoirmeasc, i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14.6 na Náisiún Aontaithe (SDG 14.6). Go háirithe, d’éirigh leis an Aontas a áirithiú go n-aithneofaí nasc idir bainistiú inbhuanaithe iascaigh agus an cumas chun fóirdheonú a dhéanamh ar iascaireacht i ndáil le stoic a ndéantar ró-iascaireacht orthu, diantoirmeasc ar fhóirdheontais a rannchuidíonn le hiascaireacht NNN, forálacha sonracha maidir leis an mórmhuir nach bhfuil á mbainistiú ag eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh (ERBI) agus ceanglais láidre trédhearcachta. Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta sa chaibidlíocht leanúnach le haghaidh

[16] World Economic forum, Decision-Making on Deep-Sea Mineral Stewardship: A Supply Chain Perspective [Fóram Eacnamaíoch Domhanda, Cinnteoireacht maidir le Maoirseacht Mianraí Domhainfharraige: Peirspictíocht maidir leis an Slabhra Soláthair], PÁIPÉAR BÁN, AIBREÁN 2022; D. Amon *et al*, 2022. Assessment of scientific gaps related to the effective environmental management of deep-seabed mining [Measúnú ar bhearnaí eolaíocha a bhaineann le bainistíocht éifeachtach chomhshaoil ar mhianadóireachta ar ghrinneall na domhainfharraige], 138 *Beartas Muirí*. ; Miller et al., 2018. Forbhreathnú ar Mhianadóireacht ar Ghrinneall na Farraige lena n-áirítear Staid Reatha na Forbartha, Tionchair ar an gComhshaol agus Bearnaí Eolais.

disciplíní breise EDT maidir le fóirdheontais lena gcuirtear leis an ró-acmhainn agus leis an ró-iascaireacht, i gcomhréir le SFI 14.6.

Is é an tAontas Eorpach an gníomhaí is tábhachtaí in **Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistíochta Iascaigh** (ERBInna) agus i gcomhlachtaí iascaigh ar fud an domhain. Dá bhrí sin, cuireann an tAontas inbhuanaitheacht na stoc éisc chun cinn, cuireann sé cinnteoireacht thrédhearcach chun cinn atá bunaithe ar chomhairle eolaíoch fhónta, cuireann sé feabhas ar thaighde eolaíoch, agus neartaíonn sé comhlíonadh.

Tá sé ríthábhachtach freisin **acmhainní beo na mara Artacha, lena n-áirítear stoic éisc, a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe.** Mar Pháirtí sa Chomhaontú chun Iascach Mórmhara Neamhrialáilte a Chosc i Lár an Aigéin Artaigh, tá an tAontas tiomanta dá chur chun feidhme iomlán[17].

Faoina Straitéis Bithéagsúlachta go dtí 2030, tá an tAontas ag obair ar 'Phlean Gníomhaíochta' chun acmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint agus ar bhearta chun tionchar na n-iascach a theorannú, lena n-áirítear ar ghrinneall na farraige, agus chun rannchuidiú leis na spriocanna comhshaoil.

Déantar **cosaint an chomhshaoil mhuirí** a chomhordú go réigiúnach trí rannpháirtíocht an Aontais sna Coinbhinsiúin Réigiúnacha Farraige (RSCanna), go háirithe trí naisc láidre le cur chun feidhme MFSD an Aontais féin, rud a chinntíonn go bhfuil Ballstáit an Aontais agus tríú tíortha araon ag iarraidh a chomhuaillmhianach maidir le cosaint na bhfarraigí agus na n-aigéan a bhaint amach.

Tá dlúthchaidreamh ag an Aontas le roinnt comhpháirtithe amhail an chomhpháirtíocht fhadtéarmach le stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, dlúthchairdreamh a bhfuil sé ag iarraidh a threisiú tríd an gComhaontú Comhpháirtíochta le hEagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS) a thiocfaidh i gcomharbas ar Chomhaontú Cotonou. I dteannta Chomhaontuithe Comhpháirtíochta agus Comhair (CCCanna) an Aontais agus comhaontuithe trádála le go leor dá thríú comhpháirtithe, beidh sé mar bhonn do rannpháirtíocht pholaitiúil agus straitéiseach níos láidre bunaithe ar luachanna agus ar chuspóirí coiteanna.

***Comhar don aigéan faoi cheannas an Aontais***

***Iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN)***

- *Comhoibríonn an Coimisiún go rialta le 93 tríú tír faoi chuimsiú an chomhair riaracháin chun an scéim deimhniúcháin gabhála a leagtar síos i Rialachán NNN a chur chun feidhme.*
- *Ó 2010 i leith, tugadh fógra do 27 thríú tír maidir leis an bhféidearthacht gur féidir iad a shainaithint mar thíortha neamh-chomhoibríocha sa chomhrac i gcoinne iascaireacht NNN.*
- *D'éirigh le 17 thír na gníomhaíochtaí riachtanacha a chur i gcrích agus rinneadh a bhfógra a tharraingt siar.*
- *Tá an tAontas ina pháirtí i gComhaontú EBT maidir le Bearta na Stát Calafoirt (PSMA), an chéad chomhaontú idirnáisiúnta ceangailteach a dhíríonn ar iascaireacht NNN.*

***Comhaontuithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna)***

- *Tá 13 phrótacal SFPA i bhfeidhm ag an Aontas le tríú tíortha faoi láthair*

[17] Cinneadh (AE) 2019/407 ón gComhairle

- *9 gcomhaontú maidir le tuinníní: Cabo Verde, an Cósta Eabhair, Sao Tomé e Principe, an Ghabúin, Oileáin Cook, na Séiséil, Oileán Mhuirís, an tSeineagáil agus an Ghaimbia (le comhpháirt colmóra don dá cheann deireanach)*
  - *4 chomhaontú mheasctha: An Ghraonlainn, Maracó, an Mháratáin agus Guine Bissau*

***Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistíochta Iascaigh (ERBInna)***

- *Is iad ERBInna na heagraíochtaí idirnáisiúnta a rialaíonn gníomhaíochtaí iascaireachta réigiúnacha ar an mórmhuir.*
- *Is é an tAontas Eorpach an príomhpháirtí i RMFOnna ar fud an domhain agus glacann sé páirt in 5 RFMO tuinnín agus in 13 ERBI neamhthuinnín.*
- *Chuir an tAontas agus a chuid Ballstát dhá thogra MPA faoi bhráid CCAMLR, ceann amháin san Antartaice Thoir (ó 2012) agus ceann eile i Muir Weddell (ó 2016). Nuair a dhéanfar iad a fhormheas, cosnóidh na MPAnna achar 3 207 milliún ciliméadar cearnach. Cuideoidh siad go mór leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus le bithéagsúlacht mhuirí Antartaice a chosaint.*

***Coinbhinsiúin Réigiúnacha Farraige (RSCanna)***

- *Cuireann na Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha agus Pleananna Gníomhaíochta creata idir-rialtasacha ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dhíghrádú na n-aigéan agus na bhfarraigí ar leibhéal réigiúnach.*
- *Tá an tAontas ina pháirtí conarthach i dtrí RSC lena gcumhdaítear uiscí muirí an Aontais:*
  - *Coinbhinsiún Heilsincí – HELCOM (Muir Bhailt),*
  - *Coinbhinsiún OSPAR – OSPAR (Atlantach Thoir Thuaidh),*
  - *Coinbhinsiún Barcelona – UNEP-MAP (Meánmhuir).*

***Uirlisí eile:***

- *Tá roinnt dialóg agus compháirtíochtaí ardleibhéil ag an Aontas le comhpháirtithe tábhachtacha, anuas ar an dá Chomhpháirtíocht Aigéin maidir le gnóthaí na n-aigéan le Ceanada agus leis an tSín.*
- *Áirithíonn an tAontas comhar trína ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear:*
  - *an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI)*
  - *an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF).*

## 2. I dTREO INBHUANAITHEACHT NA nAIGÉAN A BHAINT AMACH FAOI 2030

### 2.1 An t-aigéan agus an t-athrú aeráide

Tá an t-aigéan agus an t-athrú aeráide fite fuaite ina chéile: tá an t-aigéan agus a éiceachórais ríthábhachtach chun an aeráid a rialú agus, ag an am céanna, imríonn an t-athrú aeráide tionchar ollmhór orthu. Dá bhrí sin, ní mór gníomhaíochtaí aigéin agus aeráide a bheith fite fuaite ina chéile. Céim dhearfach chun na críche sin is ea an cinneadh a rinne Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ag COP26 i nGlaschú idirphlé bliantúil a reáchtáil ar an aigéan agus ar an athrú aeráide chun an maolú ar an athrú aeráide agus an gníomhú oiriúnaithe don athrú aeráide a neartú[18].

[18] Aithnítear le Comhaontú Ghlaschú maidir leis an Athrú Aeráide an t-aigéan faoi UNFCCC (Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide), agus iarrtar ar gach sruth oibre agus gach

D’fhógair Painéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IPCC) [19] an éigeandáil maidir le tionchar an athraithe aeráide ar an aigéan[20]. Leag an Painéal béim ar an ngá atá ann astaíochtaí gás ceaptha a laghdú go géar agus gníomhaíocht mharthanach láidir oiriúnaithe a dhéanamh. Tá sé ríthábhachtach an ghníomhaíocht i ngach réimse a chomhcheangal le chéile, san aigéan agus ar talamh, agus cur chuige comhordaithe a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna idirnasctha maidir leis an athrú aeráide, caillteanas na bithéagsúlachta an truailliú.

Rinne an tAontas **cuspóir aeráidneodrachta faoi 2050** a fhréamhú ina dhlíthe, i gcomhréir le Comhaontú Pháras, agus tá sé tiomanta a astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí muirí a laghdú agus dul chun cinn leanúnach a dhéanamh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide. Mhol an Coimisiún Eorpach réimse beart chun a chinntiú go gcuideoidh muiriompar an Aontais leis an sprioc sin a bhaint amach. Áirítear leis sin caighdeán nua maidir le déine GCT an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long (an tionscnamh ‘FuelEU Maritime’), córas an Aontais i ndáil le trádáil astaíochtaí (ETS) a leathnú chuig muiriompar, agus athbhreithniú ar na treoracha atá ann cheana maidir le cánachas fuinnimh, bonneagair breoslaí malartacha agus fuinneamh in-athnuaite.

Ar an leibhéal domhanda, tá creat rialála maidir le héifeachtúlacht fuinnimh long nua i bhfeidhm agus tioncfaidh bearta éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh long atá ann cheana féin i bhfeidhm i mí na Samhna 2022. Tá obair á déanamh freisin chun treoirlínte sábháilteachta a dhréachtú do longa a úsáideann breoslaí malartacha agus don chéad tacar eile de bhearta nithiúla (‘meántéarma’). Mhol an tAontas prionsabail IMO le haghaidh beart praghsála carbóin domhanda agus molann sé é sin a chomhcheangal le caighdeán breosla gás ceaptha teasa ar an leibhéal domhanda. Chuir IMO tús freisin le hathbhreithniú ar a Straitéis Tosaigh maidir le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa ó Longa a laghdú, arb é is aidhm dó a leibhéil uaillmhéine a neartú.

Ar an gcaoi chéanna, leanfaidh an tAontas de bheith ag gníomhú chun **an earnáil iascaireachta a dhícharbónú** chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise (díosal go príomha) a laghdú freisin,[21] lena n-áirítear trí fhéachaint ar bhearta maolaithe agus ar straitéisí agus ar ghléasanna iascaireachta lena laghdaítear astaíochtaí[22] agus lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht úsáide fuinnimh. Ar an gcuma chéanna, tá anailís á déanamh aige ar dhul chun cinn san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, go háirithe ó chreatchláir thaighde an Aontais Eorpaigh, d’fhonn plean gníomhaíochta a fhorbairt faoi thús 2023, i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara uile, ar plean é ina mbeidh comhairle agus dea-chleachtais maidir leis an gcaoi ar féidir soitheach iascaireachta a mhodhnú chun bheith níos tíosaí ar fhuinneamh agus chun a chuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Beidh dobharshaothrú san áireamh san anailís sin freisin.

---

comhlacht comhdhéanta machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht aigéan-bhunaithe a chomhtháthú agus a neartú.

[19] Tuarascáil Speisialta ar an Aigéan agus an Criosféar in Aeráid atá ag Athrú arna comhlánú leis an 6ú Tuarascáil Mheasúnaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC atá le heisiúint) in 2022

[20] Is iad an t-ionsú ocsaíde carbóin (25 % d’astaíochtaí $CO_2$ an duine) agus an teas breise (90 % de theas breise an domhain mar thoradh ar an iarmhairt ceaptha teasa) is cúis le aigéadú agus téamh na n-aigéan, agus is é an toradh air sin ardú ar leibhéal na farraige, adhaimsir, tuaradh coiréil, srathú, dí-ocsaídiú, marbhchriosanna agus athruithe i dtáirgiúlacht bhitheolaíoch agus i ndáileadh speiceas agus gnáthóg.

[21] Tá sé sin níos práinní fós mar thoradh ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin agus ar na bearta géarchéime a tugadh isteach chun tacú le cabhlach iascaireachta an Aontais, féach [Fisheries: second package of crisis measures [Iascach: dara pacáiste de bhearta géarchéime] (europa.eu)]

[22] Mar shampla, déanfaidh an tAontas imscrúdú ar theicnící iascaireachta áirithe arb eol go gcuireann siad isteach ar thaiscumair charbóin dríodair.

Measann an tAontas go bhfuil **Fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh aigéin** mar chuid den réiteach chun a sprioc a bhaint amach, is é sin a bheith aeráidneodrach faoi 2050, i gcomhréir le straitéis an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta[23]. Tá taithí uathúil ag an gCoimisiún ar fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a fhorbairt agus tá sé tiomanta do thacú lena fhorbairt ar fud an domhain mar a bhí go dtí seo[24].

Is féidir le **réitigh dhúlrabhunaithe**[25] maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a chur ar fáil freisin trí ghlacadh agus stóráil carbóin a mhéadú, rioscaí cósta a laghdú agus tairbhí iomadúla eile a chur ar fáil amhail cáilíocht uisce níos fearr agus athléimneacht mhéadaithe na n-éiceachóras agus na bpobal.

***An nasc idir an t-athrú aeráide, cosc ar dhíghrádú éiceachórais agus cailliúint na bithéagsúlachta***

- *I ngach cás astaíochta le linn an 21ú haois, tuartar go mbeidh laghdú tagtha ar bhithmhais dhomhanda na bpobal muirí ainmhithe agus an phoitéinsil gabhála iascaigh agus aistriú i gcomhdhéanamh speiceas*
- *Cruthófar dúshlán leis sin do rialachas idirnáisiúnta agus náisiúnta na n-aigéan agus na n-iascach. Dá ndéanfaí dáileadh stoc éisc a aistriú idir dlínsí rialachais, d'fhéadfaí na comhaontuithe idirnáisiúnta iascaigh atá ann cheana a dhíchobhsú agus an baol go mbeadh coinbhleacht idirnáisiúnta ann a mhéadú.*
- *D'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar bhainistíocht trasteorann iascaigh, agus béim ar leith á leagan ar oiriúnú agus athléimneacht acmhainní iascaigh*
- *Chun an cur chuige réamhchúraim a neartú, leanfaidh an tAontas d'iascaigh róshaothraithe nó ídithe a atógáil agus straitéisí bainistithe iascaigh a chur i bhfeidhm.* [26]

***Tuiscint ar phointí claochlaithe an éiceachórais***

- *Tá gá le feabhas a chur ar chainníochtú stórála carbóin agus síorathruithe laistigh d'éiceachórais mhuirí agus le tuiscint a fháil ar phointí sínte éiceachórais atá dírithe ar an aeráid.*

- *Ní mór costais agus sochair na bhfreagairtí ar leibhéal na farraige a chainníochtú ar bhealach níos fearr freisin. Féadfaidh ardú ar leibhéal na farraige tionchar a imirt freisin ar na bonnlínte óna mbunaítear teidlíochtaí muirí éagsúla, i gcomhréir le UNCLOS.*

Tá níos mó spéise á léiriú i ngníomhaíochtaí bainte dé-ocsaíde carbóin aigéan-bhunaithe (CDR). Ceadaíonn agus rialaíonn Prótacal Choinbhinsiún Londan gabháil agus ceapadh carbóin i bhfoirmíochtaí geolaíocha fomhuirí, agus cuireann sé toirmeasc ar leasú na n-aigéan ach amháin i gcás taighde[27].

Tá an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD), ina n-iarrtar nach dtarlóidh aon ghníomhaíocht geo-innealtóireachta a bhaineann leis an aeráid agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don bhithéagsúlacht go dtí go mbeidh bonn eolaíoch leordhóthanach ann chun údar cuí a thabhairt le gníomhaíochtaí den sórt sin agus chun aird

[23] COM(2020) 741
[24] E.g. leis na Stáit Aontaithe, an India, an tSeapáin, Vítneam agus an Afraic Theas.
[25] UNEP/EA.5/Res.5
[26] IPCC, 2019: Tuarascáil Speisialta ar an Aigéan agus an Criosféar in Aeráid atá ag Athrú ón bPainéal Idir- Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC)
[27] Coinbhinsiún um Chosc ar Mhuir-Thruailliú trí Fhuíoll agus Ábhar eile a Dhumpáil (imo.org)

iomchuí a thabhairt ar na rioscaí don chomhshaol agus don bhithéagsúlacht agus ar na tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chultúrtha a bhaineann leo[28].

## 2.2 An truailliú mara a chomhrac

Tá an tAontas tiomanta do stop a chur le truailliú de gach cineál, go háirithe truailliú ó fhoinsí ar talamh go dtí an fharraige. Ó bhí 1980 ann tá méadú faoi dheich tagtha ar an truailliú plaisteach muirí agus tá freagairt dhomhanda ag teastáil ina leith. Ó glacadh a Straitéis maidir le Plaistigh (2018), tá an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic le truailliú plaisteach go hidirnáisiúnta trína iarrachtaí taidhleoireachta agus laistigh den Aontas. Tá sé gníomhach sa chaibidlíocht dhomhanda chun Comhaontú Domhanda maidir le Plaisteach, comhaontú atá uaillmhianach agus ceangailteach ó thaobh dlí de, a bhaint amach faoi 2024, faoi mar a comhaontaíodh in UNEA5. Tá rún daingean aige freisin truailliú na gcothaitheach agus na lotnaidicídí ceimiceacha ar talamh a laghdú go mór, *inter alia* ó thalmhaíocht, agus céimeanna cinntitheacha a ghlacadh a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Aontais um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú. Le cinneadh cinniúnach Choinbhinsiún Barcelona togra a chur faoi bhráid IMO chun an Mheánmhuir a ainmniú mar limistéar rialaithe astaíochtaí d'Ocsaídí Sulfair, laghdófartruailliú ó longa go mór.

Ní mór aghaidh a thabhairt ar an mbaol truaillithe de bharr muinisin dhumpála sna farraigí, i gcomhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar sceitheadh substaintí tocsaineacha ó mhuinisin a dhumpáiltear le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus an Dara Cogadh Domhanda na 5 bliana nó na 10 mbliana amach romhainn, rud a chuirfidh an mhuirthimpeallacht agus sábháilteacht iascairí agus mairnéalaigh eile i mbaol.

## 2.3 Comhlíonadh fhreagrachtaí na Stát brataí a chur chun cinn trí na Stáit bhrataí sin atá ag gníomhú mar chláir oscailte

Tá an tAontas ag cur lena iarrachtaí dul i ngleic le fadhbanna le Stáit bhrataí atá ag feidhmiú mar 'chláir oscailte', arna roghnú ag oibreoirí áirithe soithí chun leas a bhaint as mí-chomhlíonadh oibleagáidí idirnáisiúnta Stát áirithe nó smacht ar na soithí (iascaireacht agus iompar muirí) atá cláraithe faoina mbratacha.

***Dúshlán fhreagrachtaí na 'gclár oscailte' agus na Stáit bhrataí***

- *Maidir le hiascaigh, tá easpa rialaithe leordhóthanaigh ag Stáit bhrataí áirithe ar a gcuid soithí iascaireachta ar cheann de na príomhthosca a chuireann le hiascaireacht NNN agus is gá don Aontas a áirithiú go gcomhlíonfaidh gach Stát brataí a n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac.*
- *Is cúiseanna láidre do chuideachtaí clárú lasmuigh dá dtír dhúchais iad maoirseacht lag a dhéanann rialtais na Stát brataí sin d'aon ghnó , mar aon leis an easpa cumais rialála atá ag na Stáit sin.*
- *Maidir le roinnt stáit bhrataí a bhfuil sé amuigh orthu nach gcuireann siad an dlí muirí i bhfeidhm mar ba chuí, is minic a úsáideann roinnt úinéirí long iad chun éalú óna n-oibleagáidí idirnáisiúnta nó ón rialú ar a soithigh maidir le hiascaireacht, chomh maith le hathchúrsáil inbhuanaithe shábháilte na long nuair a bhíonn deireadh lena saolré. Cleachtas coiteann is ea athrú bratach roimh dhíchóimeáil, cleachtas a chuireann bac mór ar*

[28] Cinneadh X/33 An Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD) UNEP/CBD/COP/DEC/X/33

*éifeachtacht reachtaíocht ábhartha an Aontais a bhaineann le hathchúrsáil long a bhfuil a ré caite acu.*[29].

Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh an tAontas de thrédhearcacht úinéireachta tairbhiúla maidir le struchtúir chorparáideacha a chur chun cinn, a bhfuil soithí acu atá cláraithe laistigh agus lasmuigh den Aontas, a bheith in ann dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí neamhdhleathacha féideartha a shainaithint nó na hoibleagáidí idirnáisiúnta agus eile i réimsí na réimsí muirí, iascaigh, comhshaoil, cánachais, dálaí oibre agus ceart saothair a shainaithint agus na bearta is gá a dhéanamh.

Tá sé ábhartha freisin i gcomhthéacs an chomhraic i gcoinne truailliú muirí gur féidir úinéirí long a dhéanann truailliú d’aon ghnó a shainaithint go tapa agus go héifeachtúil. D’ainneoin rialacha an Aontais maidir le truailliú ó longa a chosc, maidir le seachadadh dramhaíola ó longa, iarrachtaí méadaithe faireachais agus forfheidhmithe,[30] sceitheadh neamhdhleathach ola agus substaintí truaillitheacha eile go rialta in uiscí na hEorpa, agus is íseal i gcónaí an brath agus líon na n-ionchúiseamh. Sainaithníodh deacrachtaí a bhaineann le forfheidhmiú na rialacha i gcomhthéacs trasnáisiúnta an mhuiriompair agus difríochtaí idir cineálacha agus leibhéil smachtbhannaí i measc Bhallstáit an Aontais.

### 2.4 An t-aistriú chuig geilleagar gorm inbhuanaithe domhanda a dhéanamh

Tiocfaidh fás ar an ngeilleagar gorm[31] sna blianta amach romhainn[32]. I gcomhréir lena chur chuige maidir leis an ngeilleagar gorm, féachfaidh an tAontas leis an bhfás eacnamaíoch a chur chun cinn, le slite beatha a fheabhsú agus, san am céanna, úsáid inbhuanaithe acmhainní muirí agus folláine na bpobal cósta a áirithiú.

Ina theannta sin, cuireann bia mara go mór le slándáil bia agus cothaithe. Tá an tAontas Eorpach, mar an margadh allmhairiúcháin is mó ar domhan maidir le táirgí bia mara, ar a dhícheall ag iarraidh iontráil sa mhargadh a chosaint ionas nach dtéitear isteach ann ach táirgí a fhoinsítear agus a tháirgtear go hinbhuanaithe, agus na táirgí sin amháin. Go deimhin, réamhchoinníollacha le haghaidh claochlú dearfach ar an gcóras bia is iad an bainistiú éifeachtach ar iascach agus an dobharshaothrú inbhuanaithe.

Ar an gcúis sin, tá sé mar aidhm ag an Aontas, trína Rialachán NNN, a áirithiú nach dtagann aon táirge iascaigh a ghabhtar go neamhdhleathach ar mhargadh an Aontais. Leanfaidh an tAontas dá bheartas a neartú trí uirlisí TF iomchuí a fhorbairt sa chreat sin, lena n-áirítear scéim dhigitithe gabhála.

I gcomhréir leis an Straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’,[33] déanfaidh an Coimisiún togra reachtach le haghaidh creata do chórais bhia inbhuanaithe chun an inbhuanaitheacht a phríomhshruthú sna beartais uile a bhaineann le bia agus chun athléimneacht na gcóras bia, lena n-áirítear táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, a neartú. Breithneoidh sé ceanglais iomchuí maidir le hinbhuanaitheacht le haghaidh allmhairí bia, i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, go háirithe san Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Áireofar sa chreat

[29] Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013

[30] Treoir 2005/35/CE; Treoir (AE) 2019/883; https://portal.emsa.europa.eu/web/csn

[31] Ciallaíonn ‘geilleagar gorm’ úsáid a bhaint as an bhfarraige agus as a cuid acmhainní ar bhealach inbhuanaithe agus fís chomhleanúnach a choinníonn an tionchar carnach ar éiceachórais mhuirí agus a áirithíonn comhairliúchán cuí leis na páirtithe leasmhara uile.

[32] Gineann earnálacha bunaithe an gheilleagair ghoirm 4.5 milliún post díreach agus láimhdeachas tuairim agus EUR 650 billiún; The EU blue economy report 2020 - Publications Office of the EU [Tuarascáil an Aontais 2020 maidir leis an nGeilleagar Gorm – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh] (europa.eu)

[33] COM(2020) 381 final

freisin rialacha maidir le faisnéis a sholáthar ar feidhmíocht inbhuanaitheachta táirgí bia (lipéadú inbhuanaitheachta).

Ní mór maoiniú inbhuanaithe a bheith mar bhonn taca ag geilleagar gorm inbhuanaithe. Tá uas-scálú á dhéanamh ag an Aontas ar an infheistíocht i sláinte na n-aigéan agus san aistriú chuig geilleagar gorm inbhuanaithe. Trí ardán infheistíochta 'BlueInvest' de chuid an Aontais, cuirtear maoiniú chuig geilleagar gorm inbhuanaithe laistigh den Aontas agus lasmuigh de.

Le Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Tacsanomaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe[34], sainítear maoiniú inbhuanaithe agus infheistiú trí liosta de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a tharraingt suas. Cumhdaíonn sé freisin na critéir 'Gan Dochar Duntasach a Dhéanamh' maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha. Cuideoidh an Tacsanomaíocht le hinfheistíocht a aistriú chuig úsáidí inbhuanaithe agus cosaint acmhainní muirí agus tabharfaidh sé treoir do chuideachtaí trína áirithiú go mbeidh a n-oibríochtaí ag teacht leis an gcuspóir sin.

### 2.5 Bainistíocht chomhtháite aigéin trí limistéir mhuirí faoi chosaint agus pleanáil spásúil mhuirí

Mar thoradh ar an méadú seasta atá ag teacht ar an éileamh ar úsáid na n-aigéan, tá gá le pleanáil chomhtháite spáis mhuirí a chuireann san áireamh go cuí leasanna na n-earnálacha muirí uile agus an tionchar atá acu ar an muirthimpeallacht, agus an méid a chuireann siad leis an athrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta. Ag cur le cur chuige bunaithe ar éiceachóras, is féidir leis an bPleanáil Spásúil Mhuirí (MSP) tacú le spriocanna caomhnaithe agus athchóirithe a bhaint amach agus cur le geilleagar gorm inbhuanaithe. Tá taithí mhór faighte ag an Aontas sa réimse sin agus tá sé ag obair i gcomhar le IOC-UNESCO chun é a chur chun cinn go hidirnáisiúnta trí Thionscnamh Domhanda na Pleanála Spásúla Muirí[35]. Trí úsáid a bhaint as MSP, cuirtear comhar trasteorann chun cinn agus cuidíonn sé le coinbhleachtaí spáis a íoslaghdú agus le tionchair charnacha ar fud an domhain a bhainistiú.

Cuireann an tAontas chun cinn líonra MPAnna dea-bhainistithe atá comhleanúnach agus ionadaíoch ó thaobh na héiceolaíochta de agus Bearta Caomhnaithe Éifeachtacha Eile (OECManna) agus é mar aidhm leis na limistéir sin 30 % den spás muirí a chlúdach faoi 2030. Is uirlisí cruthaithe iad sin chun bithéagsúlacht a athbhunú agus chun stoic a chaomhnú, chun ceapadh carbóin nádúrtha a bhaint amach agus chun tacú le cleachtas inbhuanaithe.

## 3. SLÁNDÁIL AGUS SÁBHÁILTEACHT AR MUIR A ÁIRITHIÚ

### 3.1 Slándáil ar muir

| ***An tAontas Eorpach mar sholáthraí slándála muirí*** |
|---|
| • ***Tá an tslándáil mhuirí ina réamhriachtanas do gheilleagar gorm inbhuanaithe agus don tsíoch※áin agus don chobhsaíocht i gcoitinne.*** *Cosnaítear léi gníomhaíochtaí dlisteanacha ar bhagairtí iarbhír nó féideartha a bhaineann le hoibríochtaí naimhdeacha, mídhleathacha agus contúirteacha ar muir. Cumasaítear léi an sreabhadh trádála gan bhac feadh na mbealaí cumarsáide. Is cuid lárnach í de chur chuige cuimsitheach i leith rialachas na n-aigéan.* |

[34] Rialachán (AE) 2020/852.

[35] https://www.mspglobal2030.org/unesco-and-european-commission-launch-new-flagship-guide-on-msp/.

- *Tá méadú ag teacht ar an iomaíocht in uiscí idirnáisiúnta agus ar na dúshláin atá roimh an ord iltaobhach riailbhunaithe.*
- *Mar ghníomhaí aitheanta slándála muirí ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá an tAontas go láidir i gcoinne aon ghníomhaíocht aontaobhach lena gcuirtear an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht ar muir i mbaol agus lena sáraítear an dlí idirnáisiúnta.*
- *I gcomhréir le UNCLOS, tá an tAontas tiomanta don smacht reachta agus don tsíochán agus don tslándáil ar muir a áirithiú trí iltaobhachas, struchtúir réigiúnacha slándála muirí riailbhunaithe agus trí bheith ag obair lena chomhpháirtithe comhair*

I gcomhréir lena Straitéis Slándála Muirí, leanann an tAontas dá ról mar sholáthraí slándála muirí a neartú laistigh agus lasmuigh dá theorainneacha. Agus an méid sin á dhéanamh aige, tá cur chuige trasearnála aige maidir le cineál athraitheach na ndúshlán agus na mbagairtí slándála muirí, lena n-áirítear cibear-ionsaithe agus ionsaithe hibrideacha, tionchair mhéadaitheacha an athraithe aeráide, díghrádú comhshaoil agus na rioscaí a bhaineann leo don chobhsaíocht agus don tslándáil. Tabharfaidh sé aird ar leith ar riachtanais na réigiún is forimeallaí, réigiúin atá neamhchosanta go mór ar na bagairtí sin.

Dearbhaíonn an Compás Straitéiseach freisin go bhfuil rún daingean ag an Aontas infheistíocht a dhéanamh sa tslándáil mhuirí agus ina láithreacht ar fud an domhain d'fhonn a áirithiú go mbeidh rochtain gan bhac ar lánaí farraige agus go gcloífí le dlí idirnáisiúnta na farraige. Leagtar amach ann an rún atá ag an Aontas leas iomlán a bhaint as a bheartas comhpháirtíochta muirí, e.g. trí cuairteanna ar chalafoirt, trí chleachtaí comhpháirteacha agus trí fhothú acmhainneachta.

Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair lena chomhpháirtithe réigiúnacha slándála muirí chun aghaidh a thabhairt ar an láithreacht mhéadaithe atá ag gníomhaithe domhanda agus réigiúnacha araon, nach bhfuil aon drogall ar chuid acu fórsaí neamhrialta a úsáid i limistéir éagobhsaíochta, rud a bhaineann an bonn d'iarrachtaí idirnáisiúnta i dtreo na síochána agus na cobhsaíochta, i dtreo tíortha díchobhsaitheacha agus a ngeilleagar chomh maith le bheith casta ó thaobh sáruithe ar chearta an duine.

Leanfaidh an tAontas d'fhaireachán géar a dhéanamh ar fhorbairtí agus freagróidh sé go pras d'aon bhagairt ar an tslándáil mhuirí, ag obair i gcomhar lena chomhpháirtithe amhail ECAT. Agus é ag tógáil ar an taithí atá aige i ngníomhaíochtaí coiriúla trasnáisiúnta ar muir a chomhrac, amhail an phíoráideacht san Aigéan Indiach Thiar agus smuigleáil agus gáinneáil sa Mheánmhuir, leanfaidh an tAontas dá chuid oibre chun rochtain oscailte shábháilte ar an mórmhuir a choimeád. Chuige sin, chinn an tAontas síneadh dhá bhliain bhreise a chur le cur chun feidhme na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe (CMP) i Murascaill na Guine agus seoladh cur chun feidhme nua CMP san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh. Déanfaidh an tAontas a mhachnamh freisin ar choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe (CMP) a chur i bhfeidhm i Limistéir Leasa Mhuirí (MAInna) eile a d'fhéadfadh a bheith ann. Ina theannta sin, leanfaidh sé de chuidiú a thabhairt i ndáil le fothú acmhainneachta tríú tíortha chun faireachán a dhéanamh ar a réimse muirí agus chun slándáil mhuirí agus chumais forfheidhmithe dlí a áirithiú.

### 3.2 Sábháilteacht ar muir agus dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn ar fud an domhain

Sainghné sna hearnálacha iascaireachta agus mara is ea na dálaí oibre dúshlánacha, guaiseacha agus ardriosca, ar dálaí iad atá níos measa fós mar gheall ar phaindéim COVID-19. Tá líon na mbásanna agus na ngortuithe ró-ard go fóill. Bíonn oibrithe imirceacha

an-leochaileach do dhálaí forbhásacha, cleachtais mhí-úsáideacha agus cóir neamh-chomhionann.

Trína Chlár Oibre maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan agus an Comhbheartas Iascaigh, cuireann an tAontas obair chuibhiúil san iascach chun cinn i gcomhréir le cuspóirí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS), na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) agus Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) agus i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta. Leanfaidh an tAontas de dhaingniú agus cur chun feidhme éifeachtach na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) a chur chun cinn i gCoinbhinsiún Uimh. 188 maidir le hObair Iascaireachta, mar aon le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha eile,[36] go háirithe iad siúd a leagtar amach i gCoinbhinsiúin EIS.[37] Chuige sin, bainfidh sé úsáid as SFPAnna, go háirithe trí thacar chomhleanúnach forálacha rialachais shóisialta a chur chun feidhme, agus trí na ERBInna, i gcás inarb iomchuí. In idirphlé déthaobhach agus i bhfóraim réigiúnacha agus idirnáisiúnta, tabharfaidh an tAontas aghaidh ar shaothar éignithe agus ar chineálacha eile oibre lena sáraítear cearta an duine i réimse an iascaigh, lena n-áirítear nuair a bhraitear iad i gcomhthéacs an chomhraic i gcoinne na hiascaireachta (NNN). Leis an Teachtaireacht maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain[38], treisítear straitéis an Aontais maidir le hobair chuibhiúil a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda, agus príomhionstraimí á sainaithint trí bheartais an Aontais.

Tá an tAontas agus a Bhallstáit ar thús cadhnaíochta freisin ó thaobh feabhas a chur ar an reachtaíocht maidir le sábháilteacht mhuirí agus ó thaobh caighdeáin ardcháilíochta a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda in IMO agus ar leibhéal an Aontais freisin. Is é an aidhm atá ann loingseoireacht atá faoi bhun an chaighdeáin a dhíothú, cosaint paisinéirí agus criúnna a mhéadú, baol truaillithe comhshaoil a laghdú, an baol go dtarlóidh truailliú an chomhshaoil a laghdú (e.g. doirteadh ola, caillteanais coimeádán), agus a áirithiú nach gcuirfear oibreoirí a leanann dea-chleachtais faoi mhíbhuntáiste tráchtála i gcomparáid leo siúd atá sásta ciorruithe gearra a dhéanamh le sábháilteacht soithí. Is féidir leis an gCoimisiún agus na Ballstáit brath ar chúnamh teicniúil agus eolaíoch na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí.

Tá sábháilteacht agus slándáil an chórais iompair fíorthábhachtach, agus tá an tAontas fós ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir leis sin. Cuidíonn reachtaíocht an Aontais maidir le freagrachtaí na mBratstát, Rialú Stáit ar Chalafoirt agus imscrúdú ar Thimpistí le hiompar muirí atá sábháilte, slán agus éifeachtúil. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar iarrachtaí leanúnacha le húdaráis idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla, leis na páirtithe leasmhara agus leis na saoránaigh.

[36] Ba cheart na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le dálaí oibre agus cearta saothair a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach chun sábháilteacht ar muir a áirithiú do chách. Tá sé ríthábhachtach daingniú níos leithne agus cur chun feidhme éifeachtach Choinbhinsiún Oibreachais Mhuirí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS), 2006, arna leasú (MLC, 2006) a chur chun cinn. Trína Chomhbheartas Iascaigh agus trína ghné sheachtrach, cuireann an tAontas obair chuibhiúil san iascach chun cinn i gcomhréir le cuspóirí EIS, leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) agus le FAO agus i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta.

[37] Lena n-áirítear Coinbhinsiún IMO maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta (STCW-F).

[38] COM(2022) 66 final

## 4. CUR LEIS AN mBONN EOLAIS FAOIN AIGÉAN

Tá eolaíocht na n-aigéan, breathnóireacht, faireachán agus tuar comhshaoil ríthábhachtach chun **gníomhaíocht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh chun an t-aigéan a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach hinbhuanaithe.** Tá an **iomarca bearnaí fós sa bhonn eolais atá againn faoin aigéan**. Tá gníomhaíochtaí agus réitigh ar ghéarchéim shláinte na n-aigéan agus ar fhorbairt an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe ag brath ar an leibhéal eolais agus tuisceana atá againn agus ar ár gcumas nuálaíochta.

Tá an tAontas tiomanta do Deich mBliana na Náisiún Aontaithe 2021-2030 maidir le hEolaíocht Aigéin um Fhorbairt Inbhuanaithe. Cuireann an beartas Eorpach um Thaighde agus Nuálaíocht le clár oibre claochlaitheach an Aontais Eorpaigh maidir leis an gComhaontú Glas, cuireann sé chun cinn é agus cuireann sé dlús leis.

***Fís Eorpach: Príomhchlár cistiúcháin an Aontais don taighde agus don nuálaíocht (2021-2027)***

- *Déantar foráil sa chlár Fís Eorpach maidir le tuairim agus EUR 350 milliún in aghaidh na bliana chun saincheisteanna muirí agus mara a chistiú. Tacaíonn an clár leis an bonn eolais faoin eigéan a fhorbairt agus spreagann sé smaointe agus tionscnaimh nua chun dul i ngleic le dúshláin na n-aigéan.*
- *Leithdháileann Fís Eorpach EUR 110 milliún in aghaidh na bliana le haghaidh Mhisean na hEorpa 'Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athbhunú faoi 2030' don tréimhse 2021-2023. Is é is aidhm don Mhisean réitigh phraiticiúla a léiriú maidir le huiscí glantacháin, éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú agus an geilleagar gorm a aistriú chuig an aeráidneodracht.*

Is múnla dea-chleachtais é an tAontas Eorpach maidir le **sonraí muirí agus breathnóireachtaí ar aigéin a roinnt**. Tá an oibleagáid atá ar thíortha an Aontais sonraí muirí a roinnt agus comhoibriú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal réigiúnach feabhas a chur ar bhailiú sonraí agus ar fhaireachán sonraí bunaithe go maith sa Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD) agus d'fhéadfaí an oibleagáid sin a chomhlánú le tionscnamh breathnóireachta aigéin chun bailiú sonraí muirí a struchtúrú agus a chomhchuibhiú laistigh den Eoraip. Cuirtear faisnéis agus sonraí faoi staid fharraigí na hEorpa ar fáil i gCóras Faisnéise Muirí WISE don Eoraip[39] agus ar EMODnet. Cuireann Seirbhís Mhuirí Copernicus[40] sonraí mara saor in aisce agus oscailte agus faireachán fíor-ama ar na haigéin, réamhaisnéis agus, in éineacht le Clár Copernicus: an tseirbhís um an athrú aeráide[41], seirbhísí faireacháin aeráide aigéin agus seirbhísí tuartha, ar fáil d'imchuacha farraige an Aontais agus don aigéan domhanda araon. Is comhpháirtí láidir é an tAontas Eorpach i dTionscnamh Thodhchaí na bhFarraigí agus na nAigéan faoin G7 agus faoin tionscnamh um Pláinéad Gorm GEO chun faisnéis a chur ar fáil don phobal faoi na haigéin agus faoi chóstaí. Is féidir leis an digitiú agus na harduirlisí inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí ar muir a bharrfheabhsú agus tacú leo.

Le cláir taighde an Aontais Eorpaigh, tacófar le bailiú fianaise a úsáideann comhlachtaí eolaíocha domhanda, lena n-áirítear na painéil eolaíocha neamhspleácha, an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus an tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES) a chuireann tacaíocht

[39] WISE Marine — Córas Faisnéise Muirí don Eoraip (europa.eu)
[40] https://www.copernicus.eu/en/copernicus-services/marine
[41] https://www.copernicus.eu/en/copernicus-services/climate-change

spriocdhírithe ar fáil don chinnteoireacht. D'fhéadfaí breisluach a thabhairt le h**eolaíocht idirnáisiúnta dhá threo nua nó nuachóirithe ar an gcomhéadan idir saineolaithe beartais atá ann cheana**, rud a chuirfeadh sláinte agus inbhuanaitheacht na n-aigéan chun cinn, a mheasfadh an t-eolas agus a thacódh le ceapadh beartais.

Tá an tAontas ag gníomhú chun **an tuiscint ar na haigéin** a chur chun cinn agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta na saoránach chun tacú le hathruithe sa bhraistint, sna luachanna, sa mheon agus san iompar pearsanta lena gcuirtear cleachtais inbhuanaithe chun cinn. Ina theannta sin, thug an tAontas faoi chomhoibriú leis an gCoimisiún Idir-rialtasach Aigéaneolaíochta de chuid UNESCO chun feabhas a chur ar an obair ar an tuiscint ar na haigéin.

Cuireann **taidhleoireacht eolaíochta** feabhas ar thuiscint fhrithpháirteach, ar chomhfhíseanna agus ar chomhghníomhaíocht. Téann an tAontas Eorpach i dteagmháil le tíortha agus eagraíochtaí nach bhfuil san Aontas lena chomhpháirtíochtaí taighde, lena thionscadail agus lena chistiú faoin gclár Fís Eorpach agus faoin ionstraim don Eoraip Dhomhanda. Spreagann eagraíochtaí farraigí réigiúnacha eolas muirí réigiúnach agus tuiscint fhrithpháirteach ar staid na timpeallachta muirí.

## CONCLÚID

Leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach seo, iarrtar ar an Aontas agus ar na Ballstáit cur leis an rannpháirtíocht chun aigéan glan, sláintiúil, táirgiúil agus athléimneach a choimirciú, a mbaintear úsáid inbhuanaithe as faoi dhálaí oibre sábháilte agus cothroma, agus cobhsaíocht agus slándáil ar muir a áirithiú ag an am céanna. Cuireann an Teachtaireacht Chomhpháirteach ní hamháin le róil idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát mar chomhpháirtithe iontaofa agus le hinbhuanaitheacht láidir, ach mar cheannairí freisin trí shampla agus trí ghníomhaithe freagracha a bhfuil uaillmhian acu caighdeáin idirnáisiúnta a ardú i gcoitinne agus ar bhealach cuimsitheach, i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta trí na bealaí comhair uile atá ag gníomhú le chéile ar mhaithe le spriocanna comhchoiteanna.

Oibreoidh an Coimisiún agus an tArdionadaí le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle, le Ballstáit an Aontais agus le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais agus le hinstitiúidí idirnáisiúnta lena mbaineann chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme.